TÁ AN FHÍRINNE SEARBH

Oscailt
Lasmuigh den scoil. Tá na daltaí uilig ag siúil isteach.

Radharc 1
Halla na scoile

Siúlann Deirdre isteach agus ritheann siobhán suas chuici.

Siobhán: Deirdre…Deirdre…Tar liom…BROSTAIGH!!
Deirdre: Ceard?! Céard atá ar siúl agat??
Siobhán: Féach!..Féach ar do thaisceadán!

Tá clúdach dearg le dúch glas ar thaisceadán Deirdre. Piocann sí suas é.

Deirdre: Céard é seo?
Siobhán: Bhuel..tá cuma litir grá ar! Dúirt Gráine go ndúirt Áine go ndúirt Eoin gur chonaic Emer Matti ag crochadh timpeall na taisceadáin níos luath!
Déirdre: Mattí….Matti! Ná habair! Mattí Ó Cinnéide ag fágáint litir grá ar mo Thaisceadán? Dá mba rud é go bhfuair mé bás anois bheinn ag fail bás sásta! Cad a dhéanfaidh mé faoi? An bhfuil mé ag brionglóid?

Osclaíonn Deirdre an litir. Ansin, i dúch glas, léimeann na focail ón leathanach.

'Deirdre, gach uair a fheachaim thú, titim I ngrá arís is arís eile,
Le grá,
?'

Casann Deirdre timpeall agus suíann sí síos ar an talamh. Tosnaíonn pictiúirí de Deirdre ag teacht suas ar an scáileán. Déanann na pictiúirí cur síos ar Deirdre agus na caitheamh aimsire atá aici. Tá an cur síos i bhfoirm tuairisc nuachta. Feicimid go duine deas í Deirdre le roinnt mhaith cairdre. Is maith léi scoil agus tá sí go maith i ranganna. Agus an rud is mó fuithi?? Tá sí i ngrá le buachaill darb ainm Matti ó Cinnéide!

Siobhán: Ná bí amaideach tusa!! Labhair mé leat faoi seo na mílte uair, agus labhair mé leis an méid sin daoine faoi ar maidin…agus tusa an t-aon duine le rud diúilteach le rá.

Anois feachaimid cur síos ar Shiobhán sa stíl céanna le Deirdre. Is cailín deas í Siobhán ach is aoibheann léi ráflaí a chloisint…agus a scaipeadh!! Ach is dlúthcara í le Deirdre agus is dlúthcara maith í, i gcónaí ag tabhairt tacaíocht do Dheirdre.!

Deirdre: Tá brón orm! Táim néirbhíseach. An ba chóir dom rud a rá leis?? An gceapann tú go ndeirfidh sé rud éigean liom??

Tá an bheirt acu ag siúil go rang anois. Tá Deirdre fós ag smaoineamh ar an litir agus ar Matti Ó Cinnéide! Tosnaíonn sí ag brionglóid…tá sí i séipéil…tá matti ann…tá a clann ann …ta sí ag siúil i dtreo an altóir…agus….De bharr an brionglóid ní fhéachann sí Dónal, geek ceart na scoile, ach buachaill deas, ag siúil ina treo, le beart ollmhór leabhair ina láimh aige…SMASH! Siúlann Deirdre díreach isteach ar Dhónal…titeann na leabhair ar fud na háite!

Deirdre: Oh..tá brón orm! Dónal…cén fáth a bhfuil an méid sin leabhair agat??

Feicimid anois pictiúirí ag déanamh cur síos ar Dhónal. Is buachaill deas é ach is buachaill fíor chiúin é comh maith. Tá sé mar chaptean ar an bhfoireann fichil agus caitheann sé a am uilig ag déanamh obair bhaile breise…as a stuan féin!!

Tosnaíonn Deirdre ag cabhrú leis na leabhair a phiocadh suas.

Dónal: Tá sé ceart go leor…mise a bhí ciontach ansin a Dheirdre, conas atá tú inniu?

Deirdre: Táim píosa beag caillte chun an fhírinne a rá leat Dónal! Agus tú féin?

Dónal: Táim go maith…cén fáth caillte??

Deirdre: Bhuel, fuair mé an litir seo ar maidin ó Matti Ó Cinnéide, agus níl a fhios agam cad le déanamh faoi!

Dónal: Cén sórt litir?

Deirdre: Litir Grá?? Is mar scannán é…an gcreideann tú é?? Litir grá!!

Dónal: Agus cén fáth a cheapann tú gur Mattí a bhí ann?

Deirdre: Bhuel, chonaic Siobhán é ag mo thaisceadán ar maidin!

Buaileann an chlog

Deirdre: Caithfidh mé rith…beidh mé déanach…slán Dónal!

Imíonn Deirdre agus tá Dónal fágtha sa phasáiste leis féin!

Radharc 2

An seomra ranga

Múinteoir: Socraigí síos anois le bhur dtoil, a dhaltaí! Caithfidh mé an rolla a thógaint.
Áina, Bláthnaid, Darragh, Deirdre, Dónal, Gráinne, Harry, Séan, Laura, agus, Matti.

Dalta: Níl Mattí anseo.

Leanann an múinteoir ar aghaidh leis an rolla. Tosnaíonn Deirdre ag caint le Siobhán go híseal.

Deirdre: Ar chuala tú sin? Níl Matti fiú ar scoil? Conas a chuir sé an litir ar mo thaisceadán??

Siobhán: Eiseann a bhí ann…chonaic mé é! Táim cinnte faoi seo!

Le sin siúlann Matti isteach sa seomra ranga.

Múinteoir: Ar shínigh tú isteach Matti, bhí tú déanach ar maidin.

Matti: Ní raibh mé déanach, bhí mé sa leithreas!

Múinteoir: Tá tú déanach don rang…sínigh isteach!

Le sin, casann Matti timpeall agus tosnaíonn cur síos ar. Is peileadóir den scoth é Matti agus tá a fhios aige! Tá beagnach gach cailín sa scoil i ngrá leis..Deirdre san áireamh! Níl se go hiontach ar scoil, ach tá na muinteoirí tógtha leis de bharr an peil.

Radharc 3

Am loin atá ann. Tá Dónal ag suí leis féin, agus na cailíní ag caint lena chéile.

Deirdre: Oh féach Siobhán, tá Dónal ag suí leis féin.

Siobhán: Agus céard is féidir linn a dhéanamh faoi sin?!

Deirdre: Is féidir linn cuireadh a thabhairt dó suí linn!

Siobhán: Nooo! Ná dean! Ar aon nós, tá rudaí i bhfad níos tábhachtaí le déanamh againn.

Deirdre: mar??

Siobhán: Hello!!! An litir grá a fuair tú!

Deirdre: Céard faoi?

Siobhán: Céard faoi?! Ceard faoi??! Caithfimid plean a dhéanamh!

Deirdre: Féach…Ní Mattí a bhí ann. Bhí sé déanach ar maidin. Chuala tú sin sa rang. Mar sin níl aon rud le plé againn. Deireadh an scéil!

Siobhán: Bhí se ag an leithreas.

Deirdre: ach..

Siobhán: Ach faic! Chuir sé an litir ann. Agus sin tús an scéil!!

Buaileann an chlog

Siobhán: Tar liom. Caithfidh mé mo leabhair a fháil roimh an rang mata! Is fuath liom mata!

Radharc 4

Rang Spóirt – Tá na cailíní ag athrú eadaí

Gráine: Ar labhair tú le Matti faoin litir go fóill?

Deirdre: Ní go fóill, ach tá mé chun…amárach..cinnte!

Laura: Céard a scríobh sé ar an litir…go díreach!

Deirdre: Bhuel, dúirt sé..

‘Gach uair a fheicim thú, titim i ngra arís is arís eile.
Le grá,
?’

Gráine: Tá a fhios againn anois cé hé an comhartha ceist!!

Feachann na cailíní ar a chéile, meangadh gáire ar a aghaidh acu.

Radharc 5

Siúlann Dónal agus Deirdre abhaile le chéile .

Deirdre: Ná habair!

Dónal: Céard?

Deirdre: Rinne mé dearmad ar mo chóta! Caithfidh mé rith arais chun é a fháil. An bhfanfaidh tú orm?

Dónal: Cinnte!

Fanann Dónal lasmuigh den scoil ag fanacht ar Dheirdre.Nuair a shiúlann Deirdre amch ón scoil, Baineach geit asti. Tá Matti le feiscint go soléir ag déanamh triomaíocht ar dhalta ón gcéad bhliain.

Matti: Céard faoi m'airgead??!!

Dalta óg: Cén airgead…!

Mattí: Alright! Sin é! Beidh brón ort anois, a phleidhce!

Dónal: Hé! Tusa..fág é!

Feachann Deirdre Dónal ag rith i dtreo Mattí agus an dalta óg.

Mattí: Táimid i lár rud anseo. Fan amach nó beidh tusa an chéad duine eile a mhúinim beasaí dó!

Dónal: Scaoil leis, anois.

Siúlann Dónal i dtreo an dalta óg agus leis sin cloiseann sé guth Deirdre.

Deirdre: Dónal, Taobh thiar duit!!

Casann Dónal díreach in am, caitheann sé buille géar amháin agus ta Mattí ar an talamh. Seasann Mattí go tapaidh agus ritheann sé ón áit.

Deirdre: Dónal, an bhfuil tú ceart go leor?

Dónal: Táim go brea, cad is ainm duit?

Brian (dalta óg): Brian is ainm dom. Go raibh maith agat as ucht sin! Táím braon de Mattí, tá sé i gcónaí ag piocadh orainn. Ní thuigeann daoine,Ní fheachann said ach an réalt mór spóirt…ní an duine gráinne ata lastigh!

Deirdre: Níor thuig mé cinnte. Ar a laghad ta a fhios againn anois.

Siúlann an triúr amach geataí na scoile agus fagann said slán lena chéile. Leanann Deirdre agus Dónal ar aghaidh ag siúil abhaile.

Deirdre: Dónal, bhí tú iontach ansin, ag seasamh suas i gcoinne Matti mar sin. Níor thuig mé go raibh tú in ann troid mar sin.

Dónal: Thosaigh mé na blianta ó shin. Is caitheamh aimsire é an dornálaíocht. Is féidir é a bheith úsáideach.

Deirdre: Tá sin soléir!

Feachann Deirdre síos ar lámha Dónal agus tógann sí rud faoi dheara. Dúch glas. An glas ceanna a bhí ar an litir.

Deirdre: Do lámha Dónal. An mbaineann tú úsáid as dúch glas i gcónaí?

Dónal: ah…bhuel…ah..!

Deirdre: Tusa a bhí ann. Tusa a scríobh an litir.

Feachann an bheirt acu ar a chéile. Meangadh gáire ar aghaidh Deirdre. Áthas uirthi go bhfuil deireadh leis an mistéar, agus ríméad uirthi gur Dónal, agus ní Mattí a bhí ann.

Críoch